2023/2592

22.11.2023

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/2592 ÓN gCOIMISIÚN

an 21 Samhain 2023

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha 1-naiftiolaicéataimíd, aigéad 1-naiftiolaicéiteach, 2-feinilfeanól (lena n-áirítear a shalainn amhail salann sóidiam), 8-hiodrocsacuineoilín, aimídeasulfúrón, défheanocs, défheanaconasól, défhluifeineacan, démhéiteaclór, díceamba, eatafeanprocs, eisfeanvailéaráit, feanocsapróp-P, feanpróipidín, feinpiorasaimín, fluasafop-P, leanacail, naprópaimíd, niceasulfúrón, olaí pairifín, ola phairifín, peanconasól, pioclóram, próiheicseaidé-ón, spiorocsaimín, sulfar, teitreaconasól agus trí-alláit

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoracha 79/117/CEE agus 91/414/CEE ([1]) ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 17, an chéad mhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De réir Airteagal 78(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, maidir leis na substaintí gníomhacha a áirítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE ([2]) ón gComhairle, meastar iad a bheith formheasta faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus liostaítear iad i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ([3]) ón gCoimisiún. Liostaítear substaintí gníomhacha a fhormheastar faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 i gCuid B den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, agus liostaítear substaintí gníomhacha a fhormheastar mar shubstaintí atá le hionadú faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 i gCuid E den Iarscríbhinn sin.

(2) Liostaítear na substaintí gníomhacha seo a leanas i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011: 2-feinilfeanól (lena n-áirítear a shalainn amhail salann sóidiam), aimídeasulfúrón, défheanocs, díceamba, défheanaconasól, défhluifeineacan, démhéiteaclór, eatafeanprocs, feanocsapróp-P, feanpróipidín, leanacail, naprópaimíd, niceasulfúrón, olaí pairifín, ola phairifín, peanconasól, pioclóram, sulfar, teitreaconasól agus trí-alláit. Liostaítear na substaintí gníomhacha 1-naiftiolaicéataimíd, aigéad 1-naiftiolaicéiteach, 8-hiodrocsacuineoilín, feinpiorasaimín, fluasafop-p, próiheicseaidé-ón agus spiorocsaimín i gCuid B agus liostaítear an tsubstaint ghníomhach eisfeanvailéaráit i gCuid E den Iarscríbhinn sin.

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1480 ([4]) ón gCoimisiún, cuireadh síneadh le tréimhse formheasa na substaintí gníomhacha seo a leanas go dtí an 31 Nollaig 2023: 2-feinilfeanól, 8-hiodrocsacuineoilín, aimídeasulfúrón, díceamba, défheanaconasól, défheanocs, défhluifeineacan, démhéiteaclór, eatafeanprocs, eisfeanvailéaráit, feanocsapróp-P, feanpróipidín, feinpiorasaimín, leanacail, niceasulfúrón, olaí pairifín, ola phairifín, peanconasól, pioclóram, próiheicseaidé-ón, sulfar, teitreaconasól agus trí-alláit.

([1]) IO L 309, 24.11.2009, lch. 1.

([2]) Treoir 91/414/CEE ón gComhairle an 15 Iúil 1991 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 230, 19.8.1991, lch. 1).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liosta na substaintí gníomhacha formheasta (IO L 153, 11.6.2011, lch. 1).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1480 ón gCoimisiún an 7 Meán Fómhair 2022 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha 2-feinilfeanól (lena n-áirítear a shalainn amhail salann sóidiam), 8-hiodrocsacuineoilín, aimídeasulfúrón, beansulfúrón, clóirmeacuat, clóratolúrón, clóifeintisín, clómasón, daimínisíd, deiltemheitrin, díceamba, défheanaconasól, défheanocs, défhluifeineacan, démhéiteaclór, eatafeanprocs, eisfeanvailéaráit, feanocsapróp-P, feanpróipidín, feinpiorasaimín, fluidhé-ocsainil, fluifeanaicéat, fluimeitrilin, foistiasáit, leanacail, MCPA, MCPB, niceasulfúrón, olaí pairifín, ola phairifín, peanconasól, pioclóram, próiheicseaidé-ón, própacuiseafop, prósulfacarb, cuisileafop-P-eitil, cuisileafop-P-teafuiril, 5-nítreaguaidheacóláit sóidiam, o-nítrifeanóláit sóidiam, p-nítrifeanóláit sóidiam, sulfar, teabúifeinpiorad, teitreaconasól, trí-alláit, tríthlusulfúrón agus tríteasulfúrón (IO L 233, 8.9.2022, lch. 43).

(4) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/291 ([5]) ón gCoimisiún cuireadh síneadh le tréimhse formheasa na substaintí gníomhacha 1-naiftiolaicéataimíd, aigéad 1-naiftiolaicéiteach, fluasafop-p, agus spiorocsaimín go dtí an 31 Nollaig 2023.

(5) Tá formheas na substainte gníomhaí naprópaimíd le dul in éag an 31 Nollaig 2023 i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2018/670 ón gCoimisiún ([6]).

(6) Cuireadh isteach iarratais agus sainchomhaid fhorlíontacha chun formheas gach ceann de na substaintí gníomhacha sin a athnuachan i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún ([7]). Dhearbhaigh na Ballstáit is rapóirtéirí lena mbaineann go raibh na hiarratais sin uile inghlactha.

(7) Maidir leis na substaintí gníomhacha 1-naiftiolaicéataimíd, aigéad 1-naiftiolaicéiteach, défheanocs, eatafeanprocs, eisfeanvailéaráit, feinpiorasaimín, fluasafop-P, naprópaimíd, olaí pairifín, próiheicseaidé-ón, spiorocsaimín, teitreaconasól agus trí-alláit, níl an measúnú riosca a rinne na Ballstáit is rapóirtéirí lena mbaineann de bhun Airteagal 11 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 tugtha chun críche go fóill.

(8) Maidir leis na substaintí gníomhacha 8-hiodrocsacuineoilín, démhéiteaclór, díceamba, niceasulfúrón, agus peanconasól, tá gá le breis ama ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') chun teacht ar chonclúid a mbeidh, i gcás inarb iomchuí, comhairliúchán le saineolaithe de dhíth ina leith. Thairis sin, tá gá le breis ama ag an gCoimisiún chun an cinneadh maidir le bainistiú riosca a bheidh ina thoradh air sin a ghlacadh.

(9) Maidir leis na substaintí gníomhacha 2-feinilfeanól, défheanaconasól, défhluifeineacan, feanpróipidín agus pioclóram, d'iarr an tÚdarás faisnéis bhreise de bhun Airteagal 13(3a), an chéad fhomhír, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 chun measúnú a dhéanamh ar na critéir formheasa a leagtar amach i bpointe 3.6.5 agus i bpointe 3.8.2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus an 20 Meán Fómhair 2025 mar sprioc-am i gcás 2-feinilfeanóil, an 22 Eanáir 2024 i gcás défheanaconasóil, an 5 Samhain 2023 i gcás défhluifeineacan, an 10 Márta 2025 i gcás feanpróipidín, agus 1 Nollaig 2025 i gcás pioclóram.

(10) Maidir leis na substaintí gníomhacha aimídeasulfúrón, feanocsapróp-P, leanacail agus ola phairifín, d'iarr an tÚdarás faisnéis bhreise de bhun Airteagal 13(3a), an chéad fhomhír, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 chun measúnú a dhéanamh ar na critéir formheasa a leagtar amach i bpointe 3.6.5 agus i bpointe 3.8.2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus chuir na hiarratasóirí isteach í laistigh den tréimhse a shocraigh an tÚdarás. Mar sin féin, tá gá le breis ama ag an Údarás chun meastóireacht a dhéanamh ar an bhfaisnéis a gheofar, chun conclúid a ghlacadh i dtaobh an féidir coinne a bheith leis go gcomhlíonfaidh na substaintí gníomhacha na critéir formheasa agus chun go nglacfaidh an Coimisiún an cinneadh maidir le bainistiú riosca a bheidh ina thoradh air sin.

(11) Maidir leis an tsubstaint ghníomhach sulfar, tá an chonclúid ina leith curtha ag an Údarás faoi bhráid an iarratasóra, na mBallstát agus an Choimisiúin. Thionscain an Coimisiún pléití ar an tsubstaint ghníomhach sin ag an mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha.

(12) Ós rud é gur dócha nach bhféadfar aon chinneadh a dhéanamh maidir le formheas na substaintí gníomhacha sin a athnuachan sula rachaidh a dtréimhsí formheasa in éag an 31 Nollaig 2023, agus nach bhfuil neart ag na hiarratasóirí lena mbaineann ar na cúiseanna atá leis na moilleanna ar na nósanna imeachta athnuachana, ba cheart síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha chun gur féidir na measúnuithe a cheanglaítear a chur i gcrích agus chun bailchríoch a chur ar na nósanna imeachta cinnteoireachta rialála maidir leis na hiarratais faoi seach ar fhormheas a athnuachan.

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/291 ón gCoimisiún an 19 Feabhra 2019 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha 1-naiftiolaicéataimíd, aigéad 1-naiftiolaicéiteach, aicrinitrin, asocsastróibin, fluasafop-p, fluarocsaipir, iomasailil, creasocsaim-meitil, ocsafluairfein, próclóras, próiheicseaidé-ón, spiorocsaimín, teafluitrin agus tearbúitiolaisín (IO L 48, 20.2.2019, lch. 17).

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/670 ón gCoimisiún an 30 Aibreán 2018 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha brómúconasól, búpróifisin, halocsafop-P agus naprópaimíd (IO L 113, 3.5.2018, lch. 1).

([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh 844/2012 ón gCoimisiún an 18 Meán Fómhair 2012 lena leagtar amach na forálacha is gá chun an nós imeachta athnuachana um shubstaintí gníomhacha a chur chun feidhme, dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 252, 19.9.2012, lch. 26), ar Rialachán é a leanann d'fheidhm a bheith aige maidir leis an nós imeachta chun formheas na substaintí gníomhacha sin a athnuachan de bhun Airteagal 17 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1740 ón gCoimisiún an 20 Samhain 2020 lena leagtar amach na forálacha is gá chun an nós imeachta athnuachana um shubstaintí gníomhacha a chur chun feidhme, dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún (IO L 392, 23.11.2020, lch. 20).

(13) Ós rud é nach bhfuil an measúnú riosca tugtha chun críche ag na Ballstáit is rapóirtéirí go fóill, agus i bhfianaise an ama is gá chun na céimeanna atá fágtha i ngach nós imeachta athnuachana a dhéanamh, i gcás na substaintí gníomhacha défheanocs, eatafeanprocs, naprópaimíd, olaí pairifín, teitreaconasól agus trí-alláit, ba cheart tréimhse 39 mí de shíneadh a shocrú agus i gcás na substaintí gníomhacha 1-naiftiolaicéataimíd, aigéad 1-naiftiolaicéiteach, eisfeanvailéaráit, feinpiorasaimín, fluasafop-P, próiheicseaidé-ón agus spiorocsaimín, ba cheart tréimhse 29 mí de shíneadh a shocrú.

(14) Ós rud é go bhfuil gá le breis ama ag an Údarás chun comhairliúchán poiblí a oscailt le haghaidh na substaintí gníomhacha díceamba agus niceasulfúrón, agus i bhfianaise an ama is gá chun na céimeanna atá fágtha i ngach nós imeachta athnuachana a dhéanamh, ba cheart tréimhse 39 mí de shíneadh a shocrú do na substaintí gníomhacha sin.

(15) Ós rud é gur gá don Údarás teacht ar chonclúid maidir leis an measúnú riosca ar na substaintí gníomhacha démhéiteaclór agus peanconasól, conclúid a mbeidh, i gcás inarb iomchuí, comhairliúchán le saineolaithe de dhíth ina leith, agus i bhfianaise an ama is gá chun na céimeanna atá fágtha i ngach nós imeachta athnuachana a dhéanamh, ba cheart tréimhse 33.5 mí de shíneadh a shocrú do na substaintí gníomhacha sin.

(16) Ós rud é gur iarr an tÚdarás faisnéis bhreise chun measúnú a dhéanamh ar na critéir formheasa a leagtar amach i bpointe 3.6.5 agus i bpointe 3.8.2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 i gcás na substaintí gníomhacha 2-feinilfeanól, défheanaconasól, défhluifeineacan, feanpróipidín agus pioclóram, agus i bhfianaise an ama is gá chun na céimeanna atá fágtha i ngach nós imeachta athnuachana a dhéanamh, ba cheart tréimhse 46.5 mí de shíneadh a shocrú i gcás 2-feinilfeanóil, 26.5 mí i gcás défheanaconasóil, 24.5 mí i gcás défhluifeineacan, 40.5 mí i gcás feanpróipidín, agus 49.5 mí i gcás pioclóram.

(17) Ós rud é go bhfuil gá le breis ama ag an Údarás chun meastóireacht a dhéanamh ar an bhfaisnéis bhreise a gheofar chun measúnú a dhéanamh ar na critéir formheasa a leagtar amach i bpointe 3.6.5 agus i bpointe 3.8.2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, agus i bhfianaise an ama is gá chun na céimeanna atá fágtha i ngach nós imeachta athnuachana a dhéanamh, ba cheart tréimhse 19.5 mí de shíneadh a shocrú do na substaintí gníomhacha aimídeasulfúrón, feanocsapróp-P, leanacail agus ola phairifín.

(18) Faoi phointe 3.6.4 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, ní fhormheasfar substaint ghníomhach ach amháin mura n-aicmítear í ná mura bhfuil sí le haicmiú i gcomhréir le forálacha Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]), mar shubstaint thocsaineach le haghaidh an atáirgthe de chatagóir 1B, mura mbeidh teagmháil an duine leis an tsubstaint ghníomhach sin i dtáirge cosanta plandaí, faoi choinníollacha réalaíocha úsáide a bheartaítear, diomaibhseach. Mar a fhoráiltear le hAirteagal 4(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, leis an measúnú ar an tsubstaint ghníomhach suífear ar dtús an bhfuil na critéir formheasa a leagtar amach i bpointí 3.6.2 go 3.6.4 agus i bpointe 3.7 d'Iarscríbhinn II á gcomhlíonadh. I bhfianaise Rialachán (AE) 2017/776 ([9]) ón gCoimisiún, lena leasaítear Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, lena n-aicmítear 8-hiodrocsacuineoilín mar shubstaint thocsaineach le haghaidh an atáirgthe de chatagóir 1B, ba cheart tréimhse 12 mhí de shíneadh a shocrú le haghaidh na substainte gníomhaí.

(19) Ós rud é go bhfuil tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha ar feitheamh, agus i bhfianaise an ama is gá chun na céimeanna atá fágtha i ngach nós imeachta athnuachana a dhéanamh, ba cheart tréimhse 15.5 mí de shíneadh a shocrú i gcás na substainte gníomhaí sulfar. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a leasú dá réir.

(20) I gcás ina nglacann an Coimisiún Rialachán lena bhforálfar nach ndéanfar formheas substainte gníomhaí dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo a athnuachan, is é an dáta a leagfaidh an Coimisiún síos mar dháta éaga an dáta céanna a bhí ann roimh ghlacadh an Rialacháin seo nó dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin lena bhforáiltear nach ndéanfar formheas na substainte gníomhaí a athnuachan, cibé dáta acu sin is déanaí. A mhéid a bhaineann le cásanna ina bhfuil an Coimisiún le Rialachán a ghlacadh lena bhforálfar maidir le hathnuachan formheas substainte gníomhaí dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, déanfaidh an Coimisiún an dáta cur i bhfeidhm is luaithe is féidir a leagan síos, de réir mar is iomchuí sna himthosca.

([8]) Rialachán (CE) uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1).

([9]) Rialachán (AE) 2017/776 ón gCoimisiún an 4 Bealtaine 2017 lena leasaítear, chun críocha a oiriúnaithe do dhul chun cinn teicniúil agus eolaíoch, Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán (IO L 116, 5.5.2017, lch. 1)

(21) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 540/2011 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Samhain 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 mar a leanas:

1. Leasaítear Cuid A mar a leanas:

(1) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 169, Aimídeasulfúrón, cuirtear ‘15 Lúnasa 2025’ in ionad an dáta;

(2) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 170, Niceasulfúrón, cuirtear ‘31 Márta 2027’ in ionad an dáta;

(3) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 172, Díceamba, cuirtear ‘31 Márta 2027’ in ionad an dáta;

(4) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 173, Défheanaconasól, cuirtear ‘15 Márta 2026’ in ionad an dáta;

(5) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 176, Leanacail, cuirtear ‘15 Lúnasa 2025’ in ionad an dáta;

(6) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 178, Pioclóram, cuirtear ‘15 Feabhra 2028’ in ionad an dáta;

(7) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 180, Défheanocs, cuirtear ‘31 Márta 2027’ in ionad an dáta;

(8) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 181, Défhluifeineacan, cuirtear ‘15 Eanáir 2026’ in ionad an dáta;

(9) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 182, Feanocsapróp-P, cuirtear ‘15 Lúnasa 2025’ in ionad an dáta;

(10) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 183, Feanpróipidín, cuirtear ‘15 Bealtaine 2027’ in ionad an dáta;

(11) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 284, Démhéiteaclór, cuirtear ‘15 Deireadh Fómhair 2026’ in ionad an dáta;

(12) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 285, Eatafeanprocs, cuirtear ‘31 Márta 2027’ in ionad an dáta;

(13) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 287, Peanconasól, cuirtear ‘15 Deireadh Fómhair 2026’ in ionad an dáta;

(14) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 288, Trí-alláit, cuirtear ‘31 Márta 2027’ in ionad an dáta;

(15) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 292, Sulfar, cuirtear ‘15 Aibreán 2025’ in ionad an dáta;

(16) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 293, Teitreaconasól, cuirtear ‘31 Márta 2027’ in ionad an dáta;

(17) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 294, Olaí pairifín, cuirtear ‘31 Márta 2027’ in ionad an dáta;

(18) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 295, Ola phairifín, cuirtear ‘15 Lúnasa 2025’ in ionad an dáta;

(19) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 299, 2-feinilfeanól (lena n-áirítear a shalainn amhail salann sóidiam), cuirtear ‘15 Samhain 2027’ in ionad an dáta;

(20) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 310, Naprópaimíd, cuirtear ‘31 Márta 2027’ in ionad an dáta.

2. Leasaítear Cuid B mar a leanas:

(1) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 6, Próiheicseaidé-ón, cuirtear ‘31 Bealtaine 2026’ in ionad an dáta;

(2) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 7, Spiorocsaimín, cuirtear ‘31 Bealtaine 2026’ in ionad an dáta;

(3) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 12, 1-naiftiolaicéataimíd, cuirtear ‘31 Bealtaine 2026’ in ionad an dáta;

(4) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 13, Aigéad 1-naiftiolaicéiteach, cuirtear ‘31 Bealtaine 2026’ in ionad an dáta;

(5) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 15, Fluasafop-P, cuirtear ‘an 31 Bealtaine 2026’ in ionad an dáta;

(6) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 18, 8-hiodrocsacuineoilín, cuirtear ‘31 Nollaig 2024’ in ionad an dáta;

(7) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 25, Feinpiorasaimín, cuirtear ‘31 Bealtaine 2026’ in ionad an dáta.

3. I gCuid E:

sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 2, Eisfeanvailéaráit, cuirtear ‘31 Bealtaine 2026’ in ionad an dáta.